CEACHT 34

PICNIC



Pictiúr: Radharc:
Daidí, Mamaí, agus na leanaí ag dul ar phicnic; ansin iad ina suí faoi chrann, an ghrian sa spéir, ciseán an bhia, ceapairí, cupán líomanáide, mála brioscaí, ciorcal cainte.

Céim 4: Uachtar reoite (Ceacht 12), cnónna (Ceacht 11), úlla (Ceacht 11), milseáin (Ceacht 19).

Gníomhartha agus geáitsíocht a dhéanamh de réir mar a bhíonn gá leo.

CÉIM 1. CLOISTEÁIL AGUS AITHINT

Cuntas Reatha
Lá breá samhraidh a bhí ann. Chuaigh an t-athair, an mháthair agus na leanaí ar phicnic. Thug siad rúdaí deasa leo. Bhí áthas orthu.

Agallamh
DAIDÍ: Tá an áit seo go deas tirim. Suífimid síos anois.
MAMAÍ: Tabhair dom an mála, más é do thoil é, a Bhríd.

Cuntas Reatha
Thóg Mamaí amach an líomanáid. Thug sí cupán líomanáide do gach duine. Thóg Páid amach na ceapairí agus na brioscaí.

Agallamh
BRÍD: Ó, tá an líomanáid go hálainn!
PÁID: B'fhearr liomsa na ceapairí mar tá ocras orm.

CÉIM 2. AITHRIS

CÉIM 3. ATHRÁ Ó SPREAGTHAIGH

(a) Spreagthaigh shúl (mar atá i gCéim 1);

(b) Spreagthaigh chluas:

Cén sórt lae a bhí ann?
Céard (cad) a rinne an chlann?
Thug siad rud éigin leo?
Bhí brón orthu, is dócha?

Tusa, a "Dhaidí", céard a deir tú faoin áit?
Céard a dhéanfaidh sibh?
Tusa, a "Mhamaí", abair le Bríd an mála a thabhairt duit.

Céard a rinne Mamaí?
Agus ansin?
Céard a rinne Páid?

Tusa, a "Bhríd", céard a deir tú faoin líomanáid?
Agus céard a deir tú faoi na ceapairí, a "Pháid"?

CÉIM 4. CLEACHTADH MÚNLAÍ AGUS FOCLÓRA

1. Thug *siad* rudaí deasa *leo.*

   (*mise, tusa, eisean, ise, Seán, an cailín*).

2. Thóg Páid amach *na ceapairí.*

   (*an bia, an citeal, an glantóir, an raidió,* etc.).

3. *Thóg* Bríd amach an líomanáid.

   (*gach lá, anois, amárach;* níor, ar?: *inné;* ní, an?: *amárach*).

4. B'fhearr liomsa *na ceapairí.*

   (*milseáin, brioscaí, uachtar reoite, úlla, oráistí, bia, picnic, cnónna*).

CÉIM 5. SAORCHOMHRÁ CRUTHAITHEACH

1. Aithris ar an mbunchomhrá.

2. Scéal a chumadh:
   Chuaigh mé ar phicnic lá amháin . . .

3. Dráma beag:
   Páid agus Bríd ag glanadh suas tar éis na picnice: mím agus geáitsíocht a úsáid.

4. Thosaigh sé ag cur báistí: Cur síos ar ar tharla ansin.

5. Comhrá faoin bpictiúr agus ceisteanna ó pháistí ar a chéile agus ar an múinteoir.

6. Cluiche:
   Tomhais cad a chuir Mamaí sa mhála: mím nó pictiúir a úsáid.

Rann Ceoil (An ceol ar théip)

I

Chuaigh Daidí, Mamaí agus na leanaí
Ar phicnic lá, ar phicnic lá
Rinne siad tine, rinne siad tae
Ar lá breá álainn samhraidh.

Curfá

Ó picnic, picnic, picnic dheas
Is maith liom picnic, picnic dheas
Ó picnic, picnic, picnic dheas
Ar lá breá álainn samhraidh.